C/2024/7416

10.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11762 – OMV / ADAMANT / ADAMANT ECODEV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7416)

1. An 2 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— OMV Downstream GmbH ('OMV', an Ostair), faoi rialú Östereichische Beteiligungs AG ('ÖBAG', an Ostair) agus Abu Dhabi National Oil Company ('ADNOC', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Adamant BioNRG AG ('Adamant', an Eilvéis); agus

— Adamant Ecodev S.r.l. ('Adamant Ecodev', an Iodáil).

Gheobhaidh OMV agus Adamant rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Adamant Ecodev.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá OMV gníomhach ar fud an domhain i ngníomhaíochtaí ola agus gáis réamhtheachtacha agus iartheachtacha,

— Tá Adamant gníomhach i soláthar táirgí agus seirbhísí éagsúla le haghaidh phróisis leanúnacha an aistrithe fuinnimh dhomhanda agus an gheilleagair chiorclaigh.

3. Is éard atá i ngníomhaíochtaí gnó Adamant Ecodev trádáil bunábhair in-athnuaite. Ní tháirgeann agus/nó ní dhíolann sé aon bhithbhreosla. Is iad na hamhábhair a thrádálann Adamant Ecodev olaí cócaireachta úsáidte, aigéid shailleacha, saillte ainmhithe agus dramhaíl agus iarmhair eile, go príomha leacht blaoisce cnó caisiú.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11762 – OMV / ADAMANT / ADAMANT ECODEV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË